# FIOS FOGHLAMA

## MEITHEAMH 2026

Fáilte romhaibh chuig eagrán nua d'Fhios Foghlama ón nGaelAonad.

A chómhúinteoirí,

Agus deireadh na bliana scoile buailte linn, ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil libh as bhur ndúthracht, bhur gcroí agus bhur rannpháirtíocht i gcaitheamh na bliana.



Sa nuachtlitir dheireanach seo den bhliain, roinnfimid roinnt smaointe maidir le himeachtaí atá ar siúl i rith an tsamhraidh.

Le buíochas agus le meas,
Ó Fhoireann Bhunscoile an GhaelAonaid

*Dá fhada an geimhreadh, tagann an samhradh*

## CUNTAS INSTAGRAM AN GHAELAONAID

Bí cinnte sinn a leanúint don nuacht is déanaí agus chun teacht ar réimse acmhainní agus tacaíochtaí don seomra ranga.

Lean sinn tríd an gcód MF nó déan cliceáil anseo.

OIDEGAELAONAD

# Cúrsa Samhradh: Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (CLIL) 2026

FCÁT CLIL

3 lá EPV ar fáil!

Tacaíonn cur chuige FCÁT le foghlaim ábhair agus le forbairt na Gaeilge araon, agus é ag teacht le cuspóirí an Phlean Gnímh don Ghaeilge agus an tSonraíocht Teanga.

| Dáta/Date | Ionad Oideachais/ Education Centre |
|---|---|
| **1 - 7 Iúil** | **Baile Átha Luain/ Athlone** |
| **1 - 7 Iúil** | **Luimneach/ Limerick** |
| **17 - 21 Lúnasa** | **Muineachán/ Monaghan** |
| **17 - 21 Lúnasa** | **Baile Átha Cliath Thiar/ Dublin West** |
| **17 - 21 Lúnasa** | **Droim Conrach/ Drumcondra** |

**Déan teagmháil leis an Ionad Oideachais chun clárú don chúrsa samhraidh.**

@oidegaelaonad
eolas@oide.ie
@OidePrimGaeilge

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Iarratas ar Thacaíocht le haghaidh Feidhmiú Curaclaim Bunscolaíochta



## Tugann Oide cuireadh do scoileanna chun iarratas a chur isteach ar thacaíocht ar feadh na scoilbhliana 2026/2027 le haghaidh feidhmiú curaclaim.

Is féidir le scoileanna úsáid a bhaint as tacaíocht in aon réimse curaclaim amháin sa bhliain.
Tabharfar tacaíocht ar an láthair le linn dhá lá dúnadh scoile agus le linn cuairt Tacaíochta Ionscoile.

Is féidir le scoileanna réimsí curaclaim tosaigh a phiocadh de réir a rogha. Seo a leanas na roghanna atá ar fáil:

- Oideachas Ealaíon
- Teanga
- Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM)
- Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI)
- Folláine

## Dáta deiridh:
## Dé hAoine, 19 Meitheamh, 2026

## Déan an cód QR a scanadh nó a chliceáil chun iarratas a chur isteach

### Le haghaidh a thuilleadh eolais, scan nó cliceáil na naisc thíos:

- Ciorclán 0052/2026
- Oide Litir do scoileanna
- NCCA